Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 18 Meán Fómhair 2020
(OR. en)

**Comhad Idirinstitiúideach: 2018/0089(COD)**

9592/20
ADD 1

CONSOM 118
MI 233
ENT 80
JUSTCIV 72
DENLEG 46
CODEC 628

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 9059/20 |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | 7877/18 + ADD 1-5 |
| Ábhar: | TREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir le caingne ionadaíocha chun comhleasanna tomhaltóirí a chosaint, lena n-aisghairtear Treoir 2009/22/CE<br>- Ráiteas ón Eastóin |

**– Ráiteas ón Eastóin –**

Is díol sásaimh don Eastóin aidhm na Treorach maidir le caingne ionadaíocha chun comhleasanna tomhaltóirí a chosaint chun an sásra le haghaidh cosaint comhleasanna tomhaltóirí a neartú i margadh ina bhfuil an domhandú agus an digiteáil níos tábhachtaí ná riamh.

Is oth leis an Eastóin, mar sin féin, go mbaintear an bonn de dhlí nós imeachta sibhialta agus neamhspleáchas na mBallstát leis an Treoir earnáilsonrach seo trí roinnt rialacha a thabhairt isteach atá de chineál cothrománach agus atá ann cheana sna Ballstáit uile. Amhail na rialacha seo mar shampla, an prionsabal go n-íocann an cailliúnaí, *res judicata, lis pendens*, mar shampla, agus díbhe caingne. Is é ár dtuairim gur mór an luach a bhaineann leis an neamhspleáchas nós imeachta agus gur cheart urraim a thabhairt dó agus ionstraimí dlí an nós imeachta shibhialta á gcruthú.

Tá an Eastóin ar cheann de na Ballstáit a thacaigh leis an tuairim gur cheart go gclúdófaí le nós imeachta de chuid an Aontais cásanna trasteorann, rud a chuirfeadh ar chumas na mBallstát córais náisiúnta a chur ar bun iad féin. Creidimid fós gurbh é sin an cur chuige cuí. Níor cheart rialacha an Aontais a thabhairt isteach ach amháin i gcásanna nach féidir leis na Ballstáit an fhadhb a réiteach iad féin. Is é ár dtuairim nach saincheist den sórt sin é córas náisiúnta le haghaidh caingne ionadaíocha a chruthú.

Ba cheart go mbeadh rialacha maidir le heintitis cháilithe náisiúnta a chistiú agus maidir lena scrúdú faoi inniúlacht Ballstáit. Faraor, is de chineál cothrománach iad na rialacha maidir le cistiú sa téacs deiridh. B'fhearr linn an cur chuige ginearálta a bhain le cistiú na n-eintiteas cáilithe trasteorann amháin chun na críche sin.

Is cúis mhór imní dúinn nach ndéantar idirdhealú idir gníomhaíochtaí intíre agus trasteorann san fhoclaíocht in Airteagal 7(1). Dá bhrí sin, measann an Eastóin nach gcuireann an téacs bac ar léiriú faoina bhféadfadh go bhfágfadh rialacha náisiúnta Bhallstáit an fhóraim go mbeadh sé dodhéanta d'eintiteas cáilithe de chuid Ballstáit eile, arna chistiú ag tríú páirtí, caingean dlí a thionscnamh bunaithe ar chistiú ó thríú páirtí, agus air sin amháin, gan measúnú a dhéanamh ar a mhéid a d'fhéadfadh cisteoirí tionchar a imirt. Ní féidir linn aontú leis an toradh sin. Níl srian den sórt sin i gcomhréir le cuspóirí na Treorach agus d'fhágfadh sin go mbeadh sé i bhfad ródheacair agus go mba ualach rómhór airgeadais é i gcás na mBallstát beag teacht ar eintitis cháilithe trasteorann seachas comhlachtaí poiblí.

Tá an Eastóin den tuairim go bhfuil sé doiléir raon feidhme treorach maidir le dlí na dtomhaltóirí a chinneadh trí bhíthin liosta de 68 n-ionstraim, lena n-áirítear treoracha agus rialacháin araon, agus go bhfuil sé thar a bheith deacair é sin a chur i bhfeidhm go praiticiúil. Mar shampla, is deacair dúinn a thuiscint conas an raon feidhme a chinneadh i gcás treoir chomhchuibhithe íosta a trasuíodh sa dlí náisiúnta i gcás ina dtéann na rialacha náisiúnta céim eile le hais na rialacha sa Treoir.

Thairis sin, is údar díomá dúinn gur giorraíodh go mór an t-am chun an Treoir a thrasuí agus a chur i bhfeidhm i gcomparáid leis an gcur chuige ginearálta. Ní leor na tréimhsí sin do Bhallstát beag, amhail an Eastóin, nach bhfuil córas i bhfeidhm aici le haghaidh caingne ionadaíocha, chun an córas casta seo a chur ar bun.

Dá bhrí sin, agus béim á leagan aici arís ar an tacaíocht a thugann sí don aidhm maidir le cosaint tomhaltóirí, staonfaidh an Eastóin ón vótáil ar an Treoir.